


# Matamaitic

## Céim 1 (Naíonáin Shóisearacha is Shinsearacha)

## Aonad Oibre Samplach 2

Snáithe: Ailgéabar

Snáithaonad: Patrúin, Rialacha agus Coibhneasa



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide





# Matamaitic

Is féidir roinnt earraí a shórtáil ar dhóigh amháin*

Is féidir liom earraí a chatagóiriú i dtacair éagsúla

*Inniu tá béim ar dhath agus méid ach seans go bhfeicfidh na páistí rudaí eile freisin.






An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

# Gaeilge

Is féidir liom rudaí éagsúla a chatagóiriú.

Is féidir liom cur síos a dhéanamh ar rudaí.



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

# Tréimhse Luathchumarsáide (1): Dathanna


**Le múineadh: Dathanna**

Taispeáin na dathanna difriúla don rang. Abair iad agus tabhair deis do na páistí iad a chleachtadh. Ansin múin an dán do na páistí.

Brúigh an nasc thíos. Bain úsáid as an gcluiche Wordwall agus Cluiche Kim chun na dathanna a mhúineadh do na Naíonáin.

CLUICHE WORDWALL: MEAITSEÁIL AN DATH

CLUICHE WORDWALL: CÉN DATH ATÁ AIR?




Cá bhfuil dearg?

Cén dath é seo?

béirín glas!

# Dán: Bogha Báistí

Dearg agus glas

Gorm agus buí

Féach sa spéir -

An bogha báistí.

Ag ceann an bhogha

Tá pota breá mór

Féach isteach ann –


Is leatsa an t-ór.




# Le Múineadh: Dathanna




# Cluiche Kim: Cén dath a thóg mé?




# Cluiche Kim: Cén dath a thóg mé?




# Cluiche Kim: Cén dath a thóg mé?




# Cluiche Kim: Cén dath a thóg mé?




# Cluiche Kim: Cén dath a thóg mé?




# Cluiche Kim: Cén dath a thóg mé?




# Cluiche Kim: Cén dath a thóg mé?




# Cluiche Kim: Cén dath a thóg mé?




# Cluiche Kim: Cén dath a thóg mé?




# Cluiche Kim: Cén dath a thóg mé?




# Cluiche Kim: Cén dath a thóg mé?



# Cluiche Kim: Cén dath a thóg mé?



# Tréimhse Luathchumarsáide (2): Amhrán




Ciúbanna deasa, deasa

Ciúbanna deasa buí


Ciúbanna deasa, deasa, deasa

Dearg, Gorm is Buí.





Fonn: Dilín Ó Deamhas




**Is féidir an rann seo a úsáid le béiríní, carranna, cnaipí, ainmhithe, soip (dheasa), ag baint úsáid as cibé rud atá sa seomra**

# Tréimhse Luathchumarsáide (3): Dán

Béiríní beaga dearga,
Béiríní beaga buí,
Béiríní beaga gorma,
Curtha i ngrúpaí.

Béiríní móra dearga,
Béiríní móra buí,
Béiríní móra gorma
A haon, a dó, a trí.




# Earraí a shórtáil de réir aon airí amháin


Tabhair bailiúcháin de rudaí do na páistí atá mar an gcéanna seachas ó thaobh airí amháin.
Más féidir dírigh ar dhathanna agus méid.
Tá roinnt samplaí ar shleamhnán 21 go 25 : (Grianghraif shamplacha anseo)

Cuir ábhair éagsúla os comhair na bpáistí agus lig do na páistí iad a shórtáil. D'fhéadfá béiríní, soip, ábhair nádúrtha, cnaipí, srl a úsáid. Is é claonadh nádúrtha an pháiste ná a bheith ag súgradh leis an mbailiúchán atá acu. Níor chóir seo a dhéanamh faoi dheifir moltar deis a thabhairt do na páistí na bailiúcháin atá acu a láimhseáil agus a smaointe féin a thriail le dul i dtaithí ar rudaí. Bí ag caint leo agus á gceistiú maidir le cad atá á dhéanamh acu. Cuir ord na bpáistí ar obair pháistí ar leith (D'fhéadfá visualiser (amharcléiritheoir) a úsáid). Bígí ag caint faoi cad a rinne na páistí éagsúla. Déarfaidh na páistí leat cad a rinne siad as Béarla- agus is féidir leis an múinteoir é a athrá as Gaeilge. Mar shampla-'these ones are red'. 'An-mhaith' 'Seo na béiríní dearga, seo tacar de bhéiríní móra'.




Bí ag caint leis na páistí mar gheall ar a bhfuil idir lámha acu leis an mbailiúchán atá acu. Ag obair leis an rang ina iomláine labhair leo faoi shortáil agus léirigh conas a théann rudaí cosúla le chéile. D'fhéadfadh sin a bheith déanta ag roinnt páistí cheana agus má tá b'fhiú tógáil ar an obair atá déanta ag na páistí sin. Bí ag labhairt faoi na cóiriúcháin dhifriúla agus luaigh an focal 'tacar' agus fiafraigh de na páistí cad is 'tacar' ann spreag iad le rá leat gur bailiúchán de rudaí a théann le chéile mar go bhfuil siad cosúil le chéile ar shlí áirithe atá ann.




An-mhaith, chuir tú na cipíní gorma le chéile, na cipíní buí le chéile agus na cipíní glasa le chéile!


An-mhaith, chuir tú na ciúbanna le chéile. Tá ciúbanna dearga le chéile agus tá ciúbanna gorma le chéile. An féidir leat iad a chur in dhá ghrúpa?






Cad atá anseo? Tacar de bhéir. Tá croí ar bholg gach ceann acu. Chuir tú iad le chéile. An féidir iad a chur in dhá ghrúpa? An-mhaith, sin é- sin béiríní móra agus sin na béiríní beaga!







Féach, shórtáil mé na húlla i dtrí thacar. Tá úlla dearga, úlla glasa agus úlla buí agam.










Spreag na páistí le bheith ag labhairt faoi na cóiriúcháin atá acu. De réir mar a thosaíonn siad ag roinnt eolais faoi na cóiriúcháin, tapaigh an deis chun na rudaí atá coiteann mar gheall ar an tacar a dhaingniú , agus spreag iad le cur síos sonrach a dhéanamh ar na tacair m.sh 'Is cóin iad ar fad', ' Is béiríní dearga iad', 'Is ainmhithe iad ar fad'.




# Gníomhaíocht Bhreise Roghnach: Sórtáil de réir airí amháin ag úsáid léaráid chrainn










Míniú i bhfíseán as Béarla ar fáil anseo faoi Sorting.

## Príomhghníomhaíocht Mhatamataice : Cuid 2

Earraí a shórtáil de réir **dhá airí**. An uair seo tá rogha ag na páistí- is féidir leo rudaí a shórtáil cúpla bealach éagsúla. Mar shampla d'fhéadfaidís na béiríní a shórtáil de réir méide nó de réir datha.





Is cnapaí glasa iad.

Is cnapaí bána iad.

Is cnapaí beaga iad.

Is cnápaí móra iad.



# Iarghníomhaíocht

- Imir Cluiche Kim leis an rang le nithe fisiciúla lena raibh siad ag súgradh chun ainmneacha na rudaí atá ar an mbord agus atá sórtáilte acu a thabhairt chun cuimhne agus a chleachtadh.

- Can 'Ciúbanna Deasa' leis na páistí arís chun an aidiacht iolra a chleachtadh níos mó. Ansin can 'Béiríní Beaga Dearga' leis an bhfonn céanna chun cuidiú leis an daingniú.


Dúshlán Breise: D'fhéadfadh na páistí earraí a shórtáil de réir 3 airí nó níos mó má tá gá le dúshlán breise.















# Mol Mata

Áis Mhata maoinithe ag COGG. Téigh go Uirlis Sórtála>

https://ccea.org.uk/mol-mata/laimhseoga/uirlis-sortala/

# Mol Mata




Áis Mhata maoinithe ag COGG. Téigh go Uirlis Sórtála>

https://ccea.org.uk/mol-mata/laimhseoga/uirlis-sortala/

# Nasc

Nascadh: Cén téama atá á dhéanamh ag na páistí sa Ghaeilge. An féidir leo tacair a dhéanamh le torthaí, éadaí, ainmhithe srl?

# Forbairt

Forbairt: éist leis na páistí agus iad ag sórtáil. An bhfuil nithe á sórtáil acu de réir airíonna eile (cruth, tiús, eile srl)? Breac nóta den teanga a chloiseann tú agus pleanáil chun an teanga sin a chomhtháthú sna ceachtanna Gaeilge amach anseo. Is féidir na gníomhaíochtaí sórtála seo a dhéanamh le linn súgartha cúpla uair sa choicís, chun seans a thabhairt do na páistí an teanga a shealbhú.